Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15330/23

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2023/0811(NLE)
2023/0812(NLE)

CMPT 29

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar beirt chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí<br>- Glacadh |

1. De bhun Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle, tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an liosta de Chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát, go ceann téarma 6 bliana.

2. An athnuachan pháirteach atá á déanamh faoi láthair ar an gCúirt Iniúchóirí, baineann sí le beirt Chomhaltaí. Tá téarma oifige Hannu TAKKULA (Poblacht na Fionlainne) le dul in éag an 29 Feabhra 2024 agus tá téarma oifige Annemie TURTELBOOM (Ríocht na Beilge) le dul in éag an 30 Aibreán 2024[1].

[1] 6023/23.

3. Mhol Poblacht na Fionlainne Petri SARVAMAA mar ionadaí ar Hannu TAKKULA le haghaidh sainordú dar tús an 1 Meitheamh 2024[2]. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 286(5) CFAE, fanfaidh Hannu TAKKULA in oifig go dtí go gceapfar duine ina ionad. An 22 Meán Fómhair 2023, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Petri SARVAMAA a cheapadh.

4. Mhol Ríocht na Beilge go n-athcheapfaí Annemie TURTELBOOM[3]. An 3 Deireadh Fómhair 2023, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Annemie TURTELBOOM a athcheapadh.

5. An 22 Samhain 2023, d'eisigh Parlaimint na hEorpa tuairimí uaithi maidir leis na ceapacháin sin.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an gCinneadh lena gceaptar na Comhaltaí thuasluaite den Chúirt Iniúchóirí, mar a leagtar amach in 15334/23 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 12992/23.
[3] 13436/23.